
# Oíche na nAmadán

## Cur síos ar an méid a bheidh romhat in Ionad Ealaíon Project

project




# Leathanach 1 - Cad atá sa chomhad seo

Comhad gearr atá anseo le tú a chur ar an eolas maidir leis an méid a bheidh romhat agus tú ag freastal ar Oíche na nAmadán.

Is féidir cliceáil anseo le teacht ar Threoir Rochtana Bharra an Teampaill, ina bhfuil eolas breise maidir le teacht ar Ionad Ealaíon Project.

Tá eolas agus íomhánna simplí ar na leathanaigh seo a leanas maidir leis an méid a bheidh romhat nuair a shroichfidh tú Project:


- Lasmuigh de Project - leathanach 2
- Laistigh de Project (Thíos staighre) - leathanach 3
- Laistigh de Project (Thuas staighre) - leathanach 6

# Leathanach 2 - Lasmuigh de Project

1 - Seo é an taobh amuigh d'Ionad Ealaíon Project.

Tá an foirgneamh suite ar Shráid Essex Thoir, i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2.

Is foirgneamh mór gorm é a bhfuil fuinneoga móra air.

2 - Is féidir leat dul isteach trí dhoras mór gloine.

Tá 'a' mór gorm ar an doras.

3 - Tá cnaipe ar chlé ón doras is féidir leat a bhrú leis an doras a oscailt más mian leat. Agus é brúite agat, osclóidh an doras go mall.

Tar éis duit dul isteach san fhoirgneamh, dúnfaidh an doras go mall i do dhiaidh.








# Leathanach 3 - Laistigh de Project (Thíos Staighre)

**4 - Agus tú istigh san fhoirgneamh, beidh tú ar an mbunurlár.**

**Spás mór oscailte atá ann, a bhfuil suíocháin, deasc eolais, ardaitheoir, agus staighre ann. Tá fáil ar na leithris i gcúinne an tseomra.**

**5 - Tá ardaitheoir in aice leis an doras tosaigh. Is féidir é a úsáid le dul go hUrlár 1.**

**Ní bheidh tú ábalta dul ach chuig Urlár 0 agus Urlár 1 san ardaitheoir. Is don fhoireann amháin na hurláir eile.**

**6 - Seo í an deasc eolais agus oifig na dticéad.**

**Tá cosantóirí cluas, rotháin méire agus ábhar eile ar fáil ag an deasc eolais má tá siad uait. Ná déan dearmad iad a thabhairt ar ais.**









# Leathanach 4 - Laistigh de Project (Thíos Staighre)

**7 - Tá suíocháin chompórdacha ar an taobh eile den doras tosaigh.**

**Tá málaí suí agus pluideanna boga anseo is féidir a úsáid más mian leat.**

**8 - Tá áit ar féidir suí faoin staighre.**

**Tá an áit seo beagáinín níos príobháidí ná áiteanna eile ar an mbunurlár.**

**Tá pointí aibhléise anseo má tá gá agat leo.**

**9 - Tá na leithris taobh thiar den doras buí i gcúinne an tseomra. Tá leithris uile-inscne agus leithreas inrochtana anseo.**

**Má tá an doras dúnta, is féidir le ball foirne ag an deasc eolais é a oscailt duit.**








# Leathanach 5 - Laistigh de Project (Thíos Staighre - An Ciúb)


10 - Seo é an doras isteach sa Chiúb. Tá sé taobh le hoifig na dticéad. Seo í an áit a mbeidh Oíche na nAmadán ar siúl.


Agus an doras ar oscailt, beidh cead ag an lucht féachana dul isteach. Caithfidh ball foirne ticéid an lucht féachana a scanadh ar an mbealach isteach.

11 - Taobh istigh den spás, beidh pasáiste gearr romhat, idir an balla agus na sraitheanna suíochán ar dheis, a théann chomh fada leis an stáitse.

12 - Tá bealach suas i lár na suíochán.

Ní cheadaítear bia ná deoch sa spás. Caithfear gutháin a mhúchadh sula dtosaíonn an léiriú.





# Leathanach 6 - Laistigh de Project (Thuas Staighre)

**13 - Is féidir an staighre a úsáid le dul go hUrlár 1 freisin. Má tá téad os comhair na chéad chéime, tá Urlár 1 dúnta agus níl cead an staighre a úsáid.**

**Tá 31 chéim sa staighre. Tá lúb sa staighre ar an mbealach suas.**

**14 - Tá bínsí, boird agus cúisíní ag barr an staighre.**
**Is féidir le daoine suí agus labhairt lena chéile anseo agus iad ag fanacht leis an léiriú.**

**15 - Feicfidh tú an t-ardaitheoir arís ar chlé thar na suíocháin.**

**Más mian leat, is féidir leat an t-ardaitheoir a úsáid le filleadh ar an mbunurlár, Urlár 0, leis an bhfoirgneamh a fhágáil.**








# Leathanach 7 - Laistigh de Project (Thuas Staighre)

16 - Trasna ón ardaitheoir, tá halla beag. Tá níos mó leithreas ar an taobh clé den halla.

Tá leithris uile-inscne anseo, ach níl leithreas inrochtana sa chuid seo den fhoirgneamh.

17 - Thar an ardaitheoir agus na leithris, tá beár agus níos mó suíochán.

Is féidir deochanna agus sneaiceanna a cheannach anseo agus an beár ar oscailt.

Beidh ball foirne taobh thiar den bheár.

18 - Tá láthair caite tobac in aice leis an mbeár.

Tá bínsí agus foscadh ann

Tá cead deochanna a thabhairt amach anseo más mian leat.








# Leathanach 8

**Má tá ceist ar bith agat maidir le riachtanais rochtana, seol ríomhphost chuig adrian@projectartscentre.ie, le do thoil.**

**Is é Adrian an Bainisteoir Rochtana, agus beidh sé lánsásta aon cheist atá agat a fhreagairt.**

